NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

## Réamhrá

Ullmhaíodh an t-ábhar samplach a chuirtear i láthair anseo chun tacú le forbairt ghairmiúil múinteoirí. Cuirtear in iúl go garbh ann cé na cineálacha agus formáidí míreanna measúnaithe a d'fhéadfaí a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar na torthaí foghlama i sonraíocht Stair na Sraithe Sóisearaí ar leibhéal comónta, ach ní áirítear ann gach cineál agus formáid míre a d'fhéadfaí a úsáid. Ba cheart na míreanna a chuirtear san áireamh a léamh mar shamplaí de phíosaí aonair d'ábhar measúnaithe; ní scrúdpháipéir iomlána ná codanna de scrúdpháipéir iad. Ní ceisteanna iomlána ná codanna de cheisteanna ó scrúdpháipéar iad, ná ní dhéantar iarracht iontu an chuma a d'fhéadfadh a bheith ar an scrúdpháipéar a athchruthú, mar shampla, mar leabhrán comhtháite a chuimsíonn na ceisteanna agus an spás le haghaidh fhreagraí na scoláirí.

**Sampla 1**

**Foinse A**: Seat scáileáin atá san íomhá a leanas ó shuíomh gréasáin tomhaltóra Fáilte Ireland. Cuireann Discover Ireland turasóireacht na hÉireann chun cinn agus ritheann siad feachtas turasóireachta 'Oirthear Ársa na hÉireann'. Tarraingítear aird san fheachtas seo ar ghnéithe de stair na hÉireann ag dul siar chuig an ré ársa a thaitneodh le cuairteoirí ón mbaile agus ó thar lear.



*Left: A view of the Shannon through the graveyard at Clonmacnoise. Right: Illuminated illustrations of the Christian Gospels in The Book of Kells*

"The Land of Saints and Scholars" refers to that time. Between the 6th and 10th centuries, protected by her seas, Ireland was a bastion of early Christianity – a beacon of light in the so-called Dark Ages.

Philosopher-monks held the old religion close, and developed an intense brand of learning whose influence was felt across the Continent. Unique styles of architecture emerged – Irish Round Towers and Celtic High Crosses. Stunning illuminated manuscripts – such as the world-famous Book of Kells – were produced.

Ireland sent monks and friars out across the known world. Pilgrims came here from across Europe in search of knowledge and enlightenment.

*Image: https://www.irelandsancienteast.com/discover/stories/themes/sacred-ireland*

1. Tagann **Foinse A** ó théama feachtas turasóireachta *Discover Ireland* dar teideal 'Éire Bheannaithe'. Ag úsáid fianaise ó na híomhánna agus an téacs i bhFoinse A, mínigh an chúis ar tugadh 'Tír na Naomh agus na nOllúna' ar Éirinn.

2. Cé na samplaí den ailtireacht nó d'fhoirgnimh luath-Chríostaí a ndéantar tagairt dóibh i **bhFoinse A**?

3. Bunaithe ar do staidéar ar an stair, cén chomhairle a chuirfeá ar dhuine ar mhaith leo tuilleadh a fhoghlaim faoi Éirinn luath-Chríostaí? Ba cheart rudaí le feiceáil agus áiteanna le cuairt a thabhairt orthu a lua i do chomhairle.

4. Ón staidéar a rinne tú ar Éirinn luath-Chríostaí,

(a) cén cineál saoil a chaitheadh na manaigh? (D'fhéadfaí tagairt a dhéanamh i do fhreagra don chaoi ar chónaídís, an saol sa mhainistir, saol na bpaidreacha, obair, etc.)

(b) cén chaoi ar chabhraigh na manaigh chun an Chríostaíocht a scaipeadh in Éirinn agus/nó in áiteanna eile sa domhan?

5. D'iarr *Discover Ireland* ort **stair do cheantair áitiúil** a chur chun cinn i bhfeachtas turasóireachta. Roghnaigh dhá shuíomh nó áit is díol spéise stairiúla i do cheantar áitiúil agus mínigh an chúis ar cheart iad a chur chun cinn san fheachtas turasóireachta.

**Sampla 2**

Bhí téamaí agus íomhánna Críostaíochta lárnach i saothar ealaín na hAthbheochana, ar nós 'An Suipéar Déanach', (**Foinse A**, thíos) a phéinteáil Leonardo da Vinci sna 1490idí. Ach bhí go leor gnéithe de phéinteálacha na hAthbheochana difriúil le saothar ealaíne a rinneadh roimhe sin. Ag baint úsáid as **Foinse A** le cabhrú le do smaointeoireacht, freagair na ceisteanna seo a leanas.



*Foinse A*

1. Cén fhianaise atá againn go raibh an Chríostaíocht tábhachtach in ealaín na hAthbheochana? I do fhreagra, luaigh ealaíontóir nó saothar ealaíne ar a bhfuil eolas agat ón tréimhse sin.

2. Cé na bealaí a d'fhéach péinteálacha na hAthbheochana difriúil le saothar ealaíne in Éirinn luath-Chríostaí?

3. Cén fáth a gceapann tú go raibh an reiligiún ina théama chomh tábhachtach sin ina gcuid saothair ag ealaíontóirí na hAthbheochana? (Féadfaidh tú tagairt a dhéanamh i do fhreagra d'ailtire nó do dhealbhóir, más mian leat).

4. Bhí an Reifirméisean an-tábhachtach i stair na Críostaíochta san Eoraip.

(a) Ainmnigh leasaitheoir ar a ndearna tú staidéar: ____________________

(b) Tabhair cuntas ar ghníomhartha an leasaitheora a d'ainmnigh tú i rith an Reifirméisin.

(c) Céard é an toradh fadtéarmach a bhí le gníomhartha an leasaitheora i stair an Reifirméisin?

**Sampla 3**

Tagann an saothar ealaíne ó **Fhoinse A** thíos ón meánaois nó ón tréimhse mheánaoiseach. I rith na tréimhse sin, mharaigh an Phlá Mhór aon trian de dhaonra na hEorpa. Sna blianta ina dhiaidh sin, bhunaigh go leor ealaíontóirí agus dealbhóirí a gcuid saothair ar théama an bháis.




*Image: https://www.bl.uk/catalogues/illuminatedmanuscripts/ILLUMINBig.ASP?size=big&IllID=472*

1. Déan cur síos ar na figiúirí ar chlé i **bhFoinse A**.

2. Céard a cheapann tú atá in ainm is a bheith i gceist leis na figiúirí ar dheis i **bhFoinse A**?

3. Cén fáth a gceapann tú gur chuir an t-ealaíontóir na figiúirí ar chlé in éindí leis na figiúirí ar dheis?

4. Sa tsochaí mheánaoiseach, chaitheadh daoine go leor ama ag smaoineamh faoin mbás agus faoin saol tar éis an bháis mar nár mhair mórán daoine saol fada.

(a) Ón staidéar a rinne tú, seachas an phlá, tabhair dhá chúis go mbíodh imní ar dhaoine nach mbeadh saol fada acu.

(b) Cén fhianaise atá againn go mbíodh imní ar dhaoine sa tréimhse mheánaoiseach faoin méid a tharlaíonn do dhaoine tar éis dóibh bás a fháil?

5. Ón staidéar a rinne tú ar an tréimhse mheánaoiseach,

(a) Roghnaigh duine a mhair sa tréimhse mheánaoiseach. D'fhéadfá tuathánach, tiarna nó bean uasal, ridire, manach, a roghnú mar shampla.

(b) Tabhair cuntas ar an gcineál saoil a bhíodh ag an duine sin. D'fhéadfaí tagairt a dhéanamh i do fhreagra, mar shampla, d'obair, bia, stíl mhaireachtála, reiligiún, sochaí fheodach, siamsaíocht.

**Sampla 4**




*Image: https://www.studentnewsdaily.com/editorials-for-students/columbus-first-voyage/*

1. Léirítear sa léarscáil thuas an turas a rinne Críostóir Colambas nuair a chuaigh sé go Meiriceá in 1492. Cén fáth ar fhág daoine mar Cholambas an Eoraip ar thóir tailte nua?

2. (a) Ainmnigh conquistador Eorpach a ndearna tú staidéar air a thaistil chuig Meiriceá Theas i rith na 1500idí.

(b) Tabhair cuntas ar an gconcas a rinne an conquistador a roghnaigh tú, bunaithe ar an bhfianaise ar a ndearna tú staidéar.

3. Cén tionchar a bhí ag teacht na conquistador ar na daoine dúchasacha a chónaigh i gCríocha Mheiriceá? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

4. In 2020, dhírigh daoine a bhí ag agóidíocht mar gheall ar éagóir agus idirdhealú in aghaidh daoine de chine daite sna Stáit Aontaithe agus in áiteanna eile ar go leor dealbh de Chriostóir Colambas. Tá ionsaithe den chineál céanna tarlaithe le blianta beaga anuas.




*Le caoinchead Roinn Póilíní Chathair Buffalo Police, Nua-Eabhrac, SAM*

I mí Lúnasa 2017, chaith agóideoirí péint dhearg ar an dealbh seo de Cholambas in Buffalo, Nua Eabhrac. Cén fáth a bhfuil go leor daoine míshásta go ndéantar comóradh ar thaiscéalaithe mar Chriostóir Colambas le dealbha?

5. Sa 20ú haois, bunaíodh gluaiseachtaí nó eagraíochtaí éagsúla lena chinntiú go mbeadh síocháin agus tuiscint idir tíortha difriúla agus chun cinedhíothú nó mí-úsáidí chearta an duine eile a chosc.

(a) Ainmnigh gluaiseacht nó eagraíocht a bhfuil staidéar déanta agat orthu a chuireann comhoibriú idirnáisiúnta, ceartas agus cearta an duine chun cinn:

(b) Déan cur síos ar shampla amháin a ndearna tú staidéar air ina chuir an eagraíocht a roghnaigh tú comhoibriú idirnáisiúnta nó ceartas nó cearta an duine chun cinn.

**Sample 5**

1. Smaoinigh ar shibhialtacht ársa nó mheánaoiseach a ndearna tú staidéar uirthi mar chuid de do chúrsa.

   (a) Ainmnigh an tsibhialtacht a ndearna tú staidéar uirthi:

   (b) Sa spás atá thíos, cruthaigh amlíne a léiríonn an uair a mhair an tsibhialtacht a roghnaigh tú.

2. Bunaithe ar an méid a bhfuil staidéar déanta agat air, déan cur síos ar **dhá** bhealach a raibh staraithe in ann foghlaim faoi shaol na ndaoine ón tsibhialtacht a roghnaigh tú.

1.

2.

3 (a) Sainaithin duine ar a bhfuil staidéar déanta agat ón tsibhialtacht a roghnaigh tú a cheapann tú atá tábhachtach sa stair:

(b) Tabhair dhá chúis a gceapann tú gur duine tábhachtach sa stair atá sa duine a roghnaigh tú.

1.

2.

4. Bunaithe ar an méid a bhfuil staidéar déanta agat air, déan cur síos ar **dhá** bhealach a raibh gníomhartha nó éachtaí na sibhialtachta a roghnaigh tú tábhachtach sa stair.

1.

2.

5. I rith na staire, bhí tionchar mór ag aireagáin nó fionnachtana nua ar shaol daoine. Mar shampla, bhíothas in ann tabhairt faoi na turais taiscéalaíochta sa 16ú haois mar gheall ar athrú agus nuálaíocht i ndearadh long, ar nós na gcarbhal seo thíos.



*Image: https://www.history.com/news/christopher-columbus-ships-caravels*

(a) Déan cur síos ar athrú nó nuálaíocht teicneolaíochta ó aon tréimhse ama i stair na hÉireann nó na hEorpa agus an domhan mór a ndearna tú staidéar air.

(b) Tabhair cuntas ar conas a raibh tionchar ag an athrú nó nuálaíocht teicneolaíochta a d'ainmnigh tú ar an gcaoi ar chónaigh nó ar iompar daoine iad féin, ag baint leas as fianaise le tacú le do fhreagra.

**Sampla 6**

Scrúdaigh **Foinse A** agus **Foinse B** thíos agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.

Léarscáil de bhaile Dhoire ón 17ú haois atá i **bhFoinse A**. Forbraíodh an baile mar chuid de phlandáil Uladh a thosaigh in 1609.





*Image: https://www.ria.ie/ga/node/95772*

Sliocht as leabhar faoi stair na hÉireann is ea **Foinse B**

> *Though Derry and Coleraine were the key settlements, there were many scattered farms in Ulster; and from early on settlers realised the importance of centring towns on them. The classic plantation town involved fortification, houses of brick and lime and the central square or 'diamond'. The famous walls of Derry were completed in 1618 after four years of building, making it one of Ireland's principal fortresses…But the walls were never really satisfactory, and the town remained vulnerable to attack from the river…Catholics were not allowed to settle inside Derry, as a threatening majority; they colonised the Bogside outside the walls.*

*Arna chur in oiriúint ó RF Foster (1988) Modern Ireland 1600-1972, lgh 74-75*

1. Cén fhianaise atá i **bhFoinse A** lena thaispeáint gur baile plandála a bhí i mbaile Dhoire?

2. De réir **Fhoinse B**, cén fáth nach raibh cead ag Caitlicigh cónaí taobh istigh de bhallaí Dhoire?

3. Cé acu den dá fhoinse, **Foinse A** nó **Foinse B**, ar foinse thánaisteach í don staidéar ar phlandáil Uladh? Mínigh do fhreagra.

4. Cén fáth ar úsáid rialtóirí Shasana beartas plandála in Éirinn?

5. (a) Ainmnigh plandáil ar a ndearna tú staidéar:

(b) Cé na hathruithe a tharla le linn na plandála seo?

(c) Ó thaobh na Sasanach de, ar éirigh leis an bplandáil sin nó ar theip uirthi? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

6. Bunaithe ar an staidéar a rinne tú, cé na bealaí a raibh tionchar ag plandálacha nó fás bailte ar aitheantas daoine ar oileán na hÉireann.

**Sampla 7**

Ba réabhlóidí ba chúis le go leor athruithe tábhachtacha i stair na hÉireann, na hEorpa agus an Domhain Mhóir. Go minic, cuireadh monarcaí (ríthe nó banríona) as cumhacht le linn réabhlóidí. Taispeántar san íomhá thíos i **bhFoinse A** Louis XVI, Rí na Fraince, agus é á chur chun báis i bPáras in 1793, i rith Réabhlóid na Fraince.




*Image: https://www.britannica.com/event/French-Revolution*

1. (a) Cé acu duine san íomhá arb é an rí é an gceapfá? Mínigh do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(b) Cé hé an figiúr atá ag caitheamh róba donn meas tú? Mínigh do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(c) Cé chomh hiontaofa is atá íomhánna cosúil leis seo mar fhianaise ar an stair? Mínigh do fhreagra.

2. (a) Ainmnigh réabhlóid roimh an 20ú haois a ndearna tú staidéar uirthi:

(b) Cén chaoi a raibh coinníollacha sa tír sular thosaigh an réabhlóid?

3. Ainmnigh roinnt de na príomhimeachtaí a tharla i rith na réabhlóide.

4. Cén chaoi ar athraigh an tír mar thoradh ar an réabhlóid?

5. (a) Ainmnigh ceannaire tábhachtach ar an réabhlóid a roghnaigh tú:

(b) Cén ról a bhí ag an gceannaire a roghnaigh tú sa réabhlóid a ndearna tú staidéar uirthi?

**Sampla 8**

Scrúdaigh **Foinse A** agus **Foinse B** agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.

**Foinse A:** Sliocht é seo atá curtha in oiriúint ó litir de chuid Judith Phelan as toghroinn Ráithín Chuileannáin, Co. Laoise, chuig a neacht, Teresa Lalor, a bhí imithe ar imirce chuig Memphis, Tennessee, SAM. Tá an 23 Bealtaine 1849 mar dháta uirthi.

*Teresa, a chroí,*

*Le trí bliana anuas, tá Éire ag fulaingt de bharr ocrais agus cruatain. Tá na barra ar fad caillte againn. Caithfimid gach ní a ithimid anois a cheannach le beagnach ceithre bliana anuas agus níos measa ná sin, níl aon teacht isteach againn, níl aon airgead ag dul timpeall na hÉireann faoi láthair, níl aon trádáil ag tarlú.*

*Tá go leor daoine básaithe agus tinn faoi láthair agus go leor rudaí ag cur as dóibh mar gheall ar an ocras agus an drochbhia. Tá roinnt cairde agus comharsana linn freisin i dteach na mbocht a raibh rudaí go maith dóibh nuair a bhí tusa óg.*

*Deirimid go minic gur éirigh go maith leat an t-oileán mí-ámharach seo a fhágáil. Bíonn aiféala orm go minic nár imigh mé leat. Is dóigh go gcuirfeadh anó na hÉireann poll i gcroí cloiche. Murach soláthar agus airgead Mheiriceá bheadh Éire marbh roimhe seo.*

*Tá súil agam go ndearfaidh tú paidreacha go minic do do dhaideo mar nach ndearna sé dearmad ortsa riamh. Dúirt sé 'go raibh an Tiarna le Teresa bhocht' agus ba mhinic ar shil sé deora duit. Tá súil agam go scríobhfaidh tú chugainn go minic mar go mbeadh sé ina ábhar sóláis dúinn cloisteáil uait. Ní fhéadfainn a rá leat faoi na deacrachtaí ar fad a tharla ó d'fhág tú Éire mar go líonfadh sé go leor nuachtán.*

*Níl aon rud eile agam faoi láthair, ó d'aintín grámhar,*

*Judith Phelan, Ráithín Chuileannáin.*

*Foinse: Bailiúchán príobháideach. Athphriontáilte in 'Atlas of the Great Irish Famine', Cork University Press, 2012, lch 220.*

**Foinse B:** Beochan é seo ón *Illustrated London News*, ó 1847.



A starving boy and girl in Cork hoping to find a potato.
Illustrated London News - 1847

1. I **bhFoinse A**, sainaithin dhá bhealach a raibh tionchar ag an nGorta ar mhuintir Judith Phelan.

2. Cé na bealaí a chabhraíonn **Foinse A** linn tuiscint níos fearr a fháil ar an tionchar a bhíodh ag an eisimirce go Meiriceá ar mhuintir na hÉireann?

3. (a) Céard is féidir linn a fhoghlaim ó **Fhoinse B** maidir le tionchar an Ghorta Mhóir ar pháistí?

(b) Mínigh bealach **amháin** a bhfuair daoine i Sasana amach faoin nGorta Mór tráth a raibh sé ag tarlú.

4. (a) Tabhair **láidreacht amháin** agus **laige amháin** a bhaineann le litir phríobháideach cosúil le **Foinse A** mar fhoinse fianaise faoin am atá caite.

**Láidreacht**

**Laige**

(b) Tabhair **láidreacht amháin** agus **laige amháin** a bhaineann le beochan cosúil le **Foinse B** mar fhoinse fianaise faoin am atá caite.

**Láidreacht**

**Laige**

5. Céard atá foghlamtha agat faoi thaithí mhuintir na hÉireann a chuaigh ar imirce chuig áiteanna eile den domhan i rith an Ghorta? Is féidir tagairt a dhéanamh i do fhreagra, mar shampla, don turas/na longa, saol oibre, coinníollacha maireachtála, caitheamh aimsire, an méid a chuir siad lena dtír nua.

**Sampla 9**

Scrúdaigh **Foinse A** thíos agus freagair na ceisteanna ina diaidh.

**Foinse A:** Macasamhail de theach cábáin láibe nó bothán atá sa ghrianghraf thíos, mar a bhíodh in Éirinn sna 1800idí. Meastar gur chónaigh dhá mhilliún Éireannach sna tithe seo, ina mbíodh seomra amháin, le linn an Ghorta. Tógadh an mhacasamhail seo ar thailte Choláiste na hOllscoile, Corcaigh in 2018, áit ar reáchtáladh searmanas Chuimhneachán Náisiúnta an Ghorta Mhóir a bhí ar siúl i nDeireadh Fómhair na bliana sin.



1. I rith an Ghorta Mhóir in Éirinn, cén cineál daoine a chónaigh sna tithe sin a thaispeántar i **bhFoinse A**?

2. Bunaithe ar an bhfianaise a ndearna tú staidéar uirthi, mínigh dhá chúis leis an nGorta Mór in Éirinn.

**Cúis 1**

**Cúis 2**

3. Bunaithe ar an bhfianaise a ndearna tú staidéar uirthi, déan cur síos ar an tionchar a bhí ag an nGorta Mór ar na daoine a chónaigh sna tithe sin a thaispeántar i **bhFoinse A**.

4. (a) Céard is brí leis an téarma ‘comóradh’?

(b) An gceapann tú gur cheart comóradh a dhéanamh fós ar imeachtaí stairiúla ar nós an Ghorta Mhóir sa lá atá inniu ann? Mínigh do thuairim.

5. (a) Ainmnigh imeacht, duine nó téama stairiúil a bhaineann le naisc stairiúla na hÉireann leis an Eoraip a ndearna tú staidéar orthu agus a cheapann tú gur cheart comóradh a dhéanamh air. D'fhéadfadh do smaoineamh don chomóradh a bheith áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta.

(b) Ón staidéar a rinne tú ar naisc stairiúla na hÉireann leis an Eoraip, cén fáth a gceapann tú gur cheart comóradh a dhéanamh ar do rogha?

(c) Cuireadh tusa i gceannas ar chomóradh a eagrú don imeacht, duine nó téama a roghnaigh tú. Déan cur síos ar an gcineál comórtha a theastódh uait.

**Sampla 10**

Ceannaire polaitiúil cáiliúil Éireannach ba ea Dónall Ó Conaill (Fíor 1), as Doire Fhíonáin, Co. Chiarraí, sa traidisiún parlaiminteach sa chéad leath den 19ú haois. Rinne sé feachtasaíocht chun Acht an Aontais, a rinne cuid den Ríocht Aontaithe d'Éirinn, a aisghairm, nó a bhaint. Theastaigh uaidh go mbeadh Éire saor chun a dlíthe féin a dhéanamh ina parlaimint féin i mBaile Átha Cliath.



Fíor 1



Fíor 2

*Figure 1&2: https://www.pinterest.co.uk/pin/293508100687347794/*

**Foinse A:** sliocht curtha in eagar ó óráid Uí Chonaill a tugadh ag 'ollchruinniú' i Mullach Maistean, Co. Chill Dara, i nDeireadh Fómhair 1843, ar fhreastail suas le 100,000 duine air (Fíor 2).

*A chairde, ní theastaíonn aon ní uaim do mhuintir na hÉireann ach a dtír, agus ceapaim go bhfuil na hÉireannaigh ábalta a dtír féin a fháil dóibh féin. Is maith liom a bheith tuisceanach le gach fear maith i ngach áit, ach ní theastaíonn tacaíocht armtha ná láidreacht fhisiciúil uaim ó aon tír. Ní theastaíonn tacaíocht na Fraince uaim; ní theastaíonn tacaíocht Mheiriceá uaim; ní chuirfidh mé sábháilteacht duine amháin díobh i mbaol. Ní fhéadfainn duine amháin díbh a chailleadh – cosnóidh mé sibh uile, agus is fearr daoibh uile a bheith sona agus beo. Is mian liom go mairfidh mé sách fada le go mbeidh ceartas riartha i gceart in Éirinn, agus go bhfógrófar saoirse. Níl agam ach mian amháin ar domhan, agus is é sin saoirse agus rath na hÉireann. Tá mé ag fágáil Sasana ag na Sasanaigh, Albain ag na hAlbanaigh; ach caithfimid Éire a bheith againn do na hÉireannaigh. Is í seo ár dtír, agus caithfidh sí a bheith againn. Beimid umhal don bhanríon, nasctha le Sasana trí nasc órga na Coróinach, ach caithfimid ár bParlaimint féin a bheith againn. Seasaigí liom – tagaigí liom – déarfaidh mé bígí umhal dom, agus beidh Éire saor.*

*Sliocht curtha in eagar í seo is féidir a fháil ag https://www.bartleby.com/268/6/17.html*

1. (a) Dar le **Foinse A**, céard a theastaíonn ó Dhónall Ó Conaill d'Éirinn?

(b) Cén fhianaise atá i **bhFoinse A** nár theastaigh ó Dhónall Ó Conaill a aidhmeanna a bhaint ach ar bhealach síochánta?

2. Fuair Dónall Ó Conaill bás in 1847. Ón méid atá foghlamtha agat faoi stair na hÉireann, ar mhair sé sách fada lena mhian a fheiceáil? Mínigh do fhreagra.

3. Ó do léamh ar **Fhoinse A**, cén fhianaise atá ann a thugann le fios go raibh meas ar Ó Conaill agus gur tharraing sé sluaite móra ag a chruinnithe?

4. Déantar comóradh ar Dhónall Ó Conaill tríd an bpríomhshráid i mBaile Átha Cliath a bheith ainmnithe dó, agus tá dealbh de ina sheasamh ar an sráid freisin (Fíor 3).



*Fíor 3: Dealbh de Dhónall Ó Conall ar Shráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath*

(a) Ainmnigh sráid, foirgneamh, dealbh, cuimhneachán nó áit eile atá ainmnithe do dhuine suntasach ón stair faoinar fhoghlaim tú. Féadfaidh tú Éireannach nó duine ón Eoraip nó ón domhan mór a roghnú:

(b) Cén fáth a ndearnadh comóradh ar an duine a roghnaigh tú?

5. Baineann Dónall Ó Conaill le traidisiún parlaiminte pholaitíocht na hÉireann.

(a) Ainmnigh duine eile ar a ndearna tú staidéar a bhaineann le traidisiún parlaiminte pholaitíocht na hÉireann

(b) Scríobh faoin gcaoi a raibh an duine a roghnaigh tú suntasach i stair na hÉireann.

**Sampla 11**

Foilsíodh an grianghraf thíos den chéad uair ar nuachtán an *Cork Examiner*. Taispeántar ann oibrithe ag monarcha tobac Lamkin, a bhí suite ag 9 Sráid Phádraig, Cathair Chorcaí, i dtús an 20ú haois. Tá an grianghraf ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cartlainne Náisiúnta.



*Image: http://www.census.nationalarchives.ie/exhibition/cork/economy_society/pdf/ExaminerArchives5.pdf*

1. Déan cur síos ar an méid a fheiceann tú sa ghrianghraf seo. Féadfaidh tú tagairt a dhéanamh i do fhreagra do dhaoine, rudaí, suíomh, éadaí, etc.

2. Cén fhianaise a thugtar sa ghrianghraf seo ar shaol oibre na mban sa mhonarcha seo?

3. Céard iad na láidreachtaí agus laigí atá ag grianghraif mar fhoinsí fianaise don staraí dar leat?

4. Cén cineál foinse eile eolais a chabhródh leis an staraí chun tuiscint níos fearr a fháil ar shaol na ndaoine a fheictear sa ghrianghraf seo?

5. Ón staidéar a rinne tú, déan cur síos ar an gcaoi ar athraigh saol mhná na hÉireann le linn an 20ú haois. D'fhéadfaí tagairt a dhéanamh i do fhreagra, mar shampla, d'obair, pósadh, oideachas, polaitíocht, saol an teaghlaigh, reiligiún.

**Sampla 12**

Tionscadal ar líne is ea *My Adopted Soldier* ina bhfuil sé mar aidhm cuimhneamh ar mhuintir na hÉireann a ghlac páirt nó a fuair bás i gcoimhlintí lena n-áirítear an Chéad Chogadh Domhanda, Cogadh na Saoirse, an Cogadh Cathartha agus Éirí Amach na Cásca. Cuireann scoláirí Staire, le cabhair óna múinteoirí, a dtorthaí taighde i láthair faoi dhuine a bhféadfaí dearmad a dhéanamh air murach sin. Is féidir an tionscadal a fheiceáil ag myadoptedsoldier.com.

Baineann an téacs seo a leanas ón tionscadal le saighdiúir sa Chéad Chogadh Domhanda darbh ainm Robert Maurice Fitzgerald agus scríobh scoláire a rinne taighde ar chúlra agus taithí Maurice sa chogadh é.

- *Rugadh Robert Maurice Fitzgerald ar an 7 Márta 1892. Bhí Robert Maurice (ar tugadh Maurice air) ar an mac ab óige le Charles Ball as an Aonach, Co. Thiobraid Árann agus Mary Ellen Fitzgerald as Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo.*
- *Ar an drochuair, ní raibh mé in ann teacht ar aon taifid oideachas ná scoile. Mar sin féin, dar le daonáireamh 1901, go raibh Maurice agus a dheartháireacha agus a dheirfiúr in ann léamh agus scríobh, ach ní raibh siad in ann ach Béarla a labhairt.*
- *Roinnt blianta tar éis do mháthair Maurice bás a fháil in 1894, bhog an teaghlach chuig 1 Sráid Bankplace, An tAonach, Co. Thiobraid Árann.*
- *In 1908, thaisteal Maurice agus a dheartháir Gerald as Learpholl go hOileán Ellis, Nua-Eabhrac. As sin, chuaigh siad ó thuaidh go Weyburn, Saskatchewan (Ceanada) chuig talamh feirme. Le chéile, bhí feirm ag na deartháireacha ar a raibh capaill oibre, searraigh, ba agus éanlaith. Tá naisc fós ag sliocht Fitzgerald leis an bhfeirm sin sa lá atá inniu ann.*
- *Níor phós Maurice riamh ná ní raibh páistí aige.*
- *Chuaigh Maurice Fitzgerald isteach san arm ar an 2 Bealtaine 1917 in Saskatoon, Saskatchewan, beagnach ceithre uair an chloig taistil óna fheirm in Weyburn.*
- *Tháinig a reisimin chuig an mBeilg roimh chath Passchendaele.*



*https://www.historyextra.com/period/first-world-war/the-forgotten-triumphs-of-passchendaele*

1. Cén aois a bhí Maurice:

(i) Nuair a chuaigh sé ar imirce go Ceanada? ______________________________

(ii) Nuair a chuaigh sé isteach san arm? ______________________________

2 (a) Cén cineál taifead a cheapann tú a chabhródh leis an taighdeoir chun eolas a fháil ar shaol scoile Maurice?

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(b) Cé na bealaí a bhfuil taifid daonáirimh úsáideach do staraithe?

______________________________

______________________________

______________________________


______________________________

______________________________

3. (a) Cén fáth a gceapann tú gur bhog teaghlach Maurice chuig an Aonach go luath tar éis dá mháthair bás a fháil?

(b) Cé na cúiseanna a gceapann tú gur imigh daoine cosúil le Maurice agus a dheartháir ar imirce chuig áiteanna ar nós Cheanada as Éirinn sna 1890 idí?

4. Litir is ea an cháipéis seo a seoladh chuig athair Maurice, Charles, ar an 20 Samhain 1917, lena chur in iúl dó go bhfuair a mhac bás sa chogadh.



No. RL 1-18-26 Cas 201117.
IN REPLYING, PLEASE QUOTE ABOVE NUMBER.

To Mr Charles B. Fitzgerald,
Provincial Bank,
Renagh Co. Tipperary, Ireland.

CANADIAN RECORD OFFICE,
GREEN ARBOUR HOUSE,
OLD BAILEY, LONDON, E C.4.

Sir, 20th November 1917.

It is my painful duty to inform you that a report has this day been received notifying the death of No. 2193344

Rank Private Name Robert Maurice Fitzgerald

Regiment Princess Patricia Canadian Light Infantry. which occurred at ------------

on the 16th November 1917., and I am to express to you the sympathy and regret of the Militia Council at your loss. The cause of death was DIED OF WOUNDS

Further information regarding the personal effects and any balance of pay due to the military estate of the soldier will be communicated to you in due course by the Estates Branch, Canadian Contingents, Pembroke House, 133 Oxford St. London, W. 1. but some time must necessarily elapse before these questions can be dealt with. If you do not receive further communication in six weeks' time, please write to Estates Branch, quoting Reference No above, also Regimental No., Name and Unit of the deceased soldier.

I am, Sir,
Your obedient Servant
[signature]
Lieut.
For ~~Officer~~ Lt-Col i/c Records.
C.O.M.F.

A5. R107-5M.
3510-3-9-17.

(a) Cén áit a thugtar le fios sa cháipéis gur oibrigh athair Maurice?

___

(b) Cén t-ainm atá ar reisimin airm Maurice? ___

(c) Cén chéim a bhí ag Maurice san arm? ___

(d) Cén dáta a bhfuair Maurice bás? ___

(e) Cén chúis a bhí le bás Maurice? ___

5. (a) Is tríd an litir seo a d'fhoghlaim Charles Fitzgerald faoi bhás a mhic. Cén fhianaise a thugtar inti faoin tionchar a bhí ag an gcogadh ar shaol daoine le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda?

(b) Ghlac go leor Éireannach páirt sa Chéad Chogadh Domhanda nó sa Dara Cogadh Domhanda, nó d'ath raigh a saol mar gheall orthu. **Tabhair cuntas ar an méid atá foghlamtha agat faoi thionchar an Chéad Chogaidh Dhomhanda nó an Dara Cogadh Domhanda ar mhuintir na hÉireann.**

**Sampla 13**

I mí na Nollag 1921, d'aontaigh toscairí a rinne ionadaíocht thar ceann rialtas na Dála téarma an Chonartha Angla-Éireannaigh le rialtas na Breataine. Bhunófaí Saorstát Éireann lena pharlaimint féin, cé nach poblacht iomlán a bheadh ann mar go bhfanfadh sí mar chuid d'Impireacht na Breataine. B'éigean don Dáil aontú leis an gConradh freisin, agus bhí óráidí paiseanta ar son agus i gcoinne an Chonartha i ndíospóireacht na Dála idir Nollaig 1921 agus Eanáir 1922. Bhí Mícheál Ó Coileáin agus Mary McSwiney ar bheirt de na cainteoirí.



Fíor 1: Mícheál Ó Coileáin

*https://www.glasnevintrust.ie/visit-glasnevin/interactive-map/michael-collins/*



Fíor 2: Mary McSwiney

*https://www.mutualart.com/Artwork/Portrait-of-Mary-McSwiney-plus-1-other-w/43E3618FE05FADC5*

Léigh **Foinse A** agus **Foinse** B agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.

**Foinse A - :** Labhraíonn Mícheál Ó Coileáin, duine de na toscairí a shínigh an Conradh, sna díospóireachtaí:

*Cuireadh an milleán ar na toscairí mar nár tháinig siad ar ais le haitheantas do Phoblacht na hÉireann. Cuirtear milleán orthu mar nach ndearna siad i bhfad níos fearr. Deirim nach dtugann an Conradh seo aitheantas do Phoblacht na hÉireann dúinn, ach tugann sé níos mó aitheantais dúinn ná a fuaireamar ó aon náisiún eile. Labhair Teachtaí [Teachtaí Dála a bhí i gcoinne an Chonartha] maidir lena mbeadh fir bhásaithe i bhfabhar an Chonartha, agus labhair siad maidir le leanaí nár rugadh go fóill agus an mbeidís ina fhabhar. Ar mo bhealach beag féin, rinne mé iarracht cuimhneamh ar an méid a bheadh uathu ar fad. Agus is é sin an bealach ceart dúinn breathnú air. Níl aon fhear anseo a bhfuil níos mó ómóis acu ar na mairbh ná mise. Ní cheapaim go bhfuil sé féaráilte go labhrófaí orthu inár gcoinne. Ceapaim gur cheart gur cinneadh soiléir a bheadh ann bunaithe ar na cáipéisí mar atá siad romhainn – ar an gConradh mar atá sé romhainn. Tabharfar breithiúnas orainn as an méid sin, maidir lena bhfuil nó nach bhfuil an rud ceart déanta againn inár gcoinsias féin.*

**Foinse B -** Labhraíonn Mary McSwiney, Teachta Dála as Corcaigh, sna díospóireachtaí:

*Ní bheidh lámh ná páirt agamsa i gcabhrú le Saorstát Éireann an náisiún seo againne, an náisiún iontach seo a bhfuil feall á dhéanamh air anseo anocht, a iompar isteach in Impireacht na Breataine. Is é seo an feall is mó a rinneadh riamh ar Éirinn. Tá a fhios agam go bhfuil cúiseanna maithe ag roinnt daoine chun é a dhéanamh mar gur cheap siad gurb é an rogha is fearr é. Níor mhaith liom aon rud a rá a choiscfeadh iad ó theacht ar ais chuig a Máthair-Phoblacht. Bhí an óráid atá cloiste againn [ó Mhícheál Ó Coileáin] álainn ach deirim libh go mb'fhéidir go bhfuil sí go hálainn ach ní leor í. Ná bíodh aon amhras oraibh faoi sin. Is feall é seo, feall amach is amach.*

*Tá Foinse A agus B curtha in eagar ó 'Great Irish Speeches' le Richard Aldous. Quercus 2007, lgh 70-77.*

1. (a) **I bhFoinse A**, cé a cheapann tú iad 'na mairbh' a deir Mícheál Ó Coileáin a úsáideadh i gcoinne na dtoscairí a shínigh an Conradh?

(b) **I bhFoinse A**, céard a deir Mícheál Ó Coileáin gur cheart an cinneadh faoin gConradh a bhunú air?

2. (a) Dar le **Foinse B**, cén chaoi a mothaíonn Mary McSwiney faoin gConradh? Tacaigh le do fhreagra le fianaise.

(b) **I bhFoinse B**, cén chaoi a mothaíonn Mary McSwiney faoi Mhícheál Ó Coileáin dar leat?

3. Vótáil an Dáil ar éigean, 64 vóta le 57, le tacú leis an gConradh. Céard a tharla mar thoradh air sin?

4. Idir 1911 agus 1923, tharla go leor imeachtaí tábhachtacha. Sa bhosca thíos, cruthaigh amlíne, ag liostú roinnt de na himeachtaí tábhachtacha sin dar leatsa.

| Bliain | Imeacht |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

5. Tá na cúinsí agus na himeachtaí a bhain le díospóireachtaí an Chonartha fós conspóideach inniu, agus tuairimí éagsúla ag daoine maidir leis an méid a tharla.

(a) Ainmnigh ceist nó téama conspóideach nó achrannach stairiúil i ndomhan an lae inniu a bhfuil tuairimí láidre ag daoine go fóill ar an dá thaobh maidir leis..

(b) Mínigh na tuairimí nó na dearcthaí éagsúla atá ag daoine a easaontaíonn faoi bhunúis stairiúla an téama nó na ceiste sin.

**Sampla 14**

Tá Músaem Cuimhneacháin an Uileloiscthe, Stáit Aontaithe Mheiriceá i Washington, DC. Mar aon le taispeántais bhuana a óstáil ar féidir leat cuairt a thabhairt orthu, óstálann an músaem go leor acmhainní agus ábhair ar líne maidir leis an Uileloscadh agus cinedhíothú.

Is é is aidhm leis an músaem guth a thabhairt do mharthanóirí an Uileloiscthe i dtionscadal ar a dtugtar 'Behind Every Name a Story'. Aistí a scríobh marthanóirí nó a dteaghlaigh atá sa tionscadal seo. Tá an píosa seo a leanas curtha in eagar ó fhianaise Rose Marie Burger (sa phictiúr), a chónaigh lena máthair, lena hathair agus lena deartháir i sráidbhaile i ndeisceart na Gearmáine sna 1930idí.



*Bhí go leor saoránaigh Ghiúdacha inár sráidbhaile a d'oibrigh mar cheardaithe nó mar fheirmeoirí. Bhí a bhformhór saibhir. I rith na 1930idí, agus Hitler ag teacht i gcumhacht, d'éirigh rudaí níos deacra do na Giúdaigh. Faoi 1933, bhí eagla ar na Giúdaigh inár sráidbhaile faoi na hathruithe a bhí ag tarlú. Cuireadh srian ar Ghiúdaigh ó bheith ag obair agus fuair siad níos lú stampaí ar chiondáil ná daoine eile. Níorbh fhada go raibh easpa bia acu. D'éirigh rudaí níos measa agus níos measa. Rinne daoine iarracht ollmhór imeacht. Ach ní raibh sé éasca an Ghearmáin a fhágáil; bhí airgead agus urra ag teastáil. Bhí go leor de na Giúdaigh inár sráidbhaile saibhir, agus d'éirigh le roinnt díobh dul ar imirce. Ach bhí sé an-deacair agus, d'fhormhór na ndaoine, níorbh fhéidir é a dhéanamh.*

*Is cuimhin liom Kristallnacht. Mharaigh Giúdach Polannach a raibh a thuismitheoirí díbeartha ón nGearmáin laethanta roimhe sin oifigeach ambasáide Gearmánach i bPáras. Bhí an oiread sin feirge ar na Naitsithe, agus bhí scéin ar na Giúdaigh. Is cuimhin liom na Naitsithe ag teacht chuig ár sráidbhaile i dtrucailí ó bhailte eile. Rinne siad ruathar ar thithe na nGiúdach san oíche, ag briseadh doirse agus fuinneoga lena dtuanna. Thóg siad nó scrios siad na rudaí deasa go léir sna tithe sin: airgead, leapacha cleití, cuilteanna áille, fiú an bia a bhí caomhnaithe chomh cúramach. Tógadh go leor fir agus buachaillí Giúdacha sna trucailí. Ní fhacthas riamh arís iad.*

*I bhfad níos déanaí, bailíodh na Giúdaigh eile le chéile, na mná agus na páistí. Maidin Dé Sathairn a bhí ann – Sabóid na nGiúdach, lá ar a gcoisctear obair nó taisteal ina reiligiún. Dúradh leo a gcuid éadaí a bhreith leo i mbeartáin agus tuairisciú chuig an stáisiún traenach. Chuaigh mé i bhfolach le cara taobh thiar de chuaille leictreach in aice leis an stáisiún traenach le breathnú. Bhí sé an-chontúirteach. Bhí na Naitsithe ag faire go cúramach d'aon duine a tháinig chun slán a rá. Chonaic mé cailíní ag gol – mo chairde, cailíní ar fhás mé aníos leo. Bhí a mbeartáin leagtha sa charr deiridh agus cuireadh na daoine ar fad isteach ar an traein. Ní rabhamar ina gcónaí i bhfad ó Dachau [campa géibhinn]. Glacaim leis gur ansin a bhí a gceann scríbe. Sular fhág an traein an stáisiún, baineadh an carr deiridh de agus fágadh rudaí na ndaoine sin taobh thiar. Ghabh na Naitsithe tithe na nGiúdach seo.*

*https://www.ushmm.org/remember/holocaust-reflections-testimonies/behind-every-name-a-story/rosa-marie-burger*

1. (a) Dar le fianaise Rosa Marie Burger, cén chaoi ar éirigh rudaí níos measa do na Giúdaigh ina sráidbhaile nuair a tháinig Hitler i gcumhacht?

(b) Cén fáth a raibh 'Kristallnacht' go dona do na Giúdaigh i sráidbhaile Rosa?

2. Cé na bealaí a bhfuil fianaise mharthanóirí an Uileloiscthe tábhachtach do staraithe?

3. (a) Cérbh iad Dlíthe Nurnberg, a thug na Naitsithe isteach in 1935?

3. (b) Cén tionchar a bhí ag Dlíthe Nurnberg ar shaol na nGiúdach sa Ghearmáin?

4. Ag comhdháil Wannsee i mBeirlín in 1942, d'aontaigh ceannairí Naitsithe éagsúla ar 'Réiteach Deiridh le Ceist na nGiúdach' san Eoraip, a raibh an tUileloscadh mar thoradh air.

(a) Céard é an 'Réiteach Deiridh' a d'aontaigh na Naitsithe?

(b) Cén chaoi ar cuireadh an 'Réiteach Deiridh' i bhfeidhm san Eoraip, 1942-1945?

5. Roghnaigh músaem, leabharlann, ionad oidhreachta, cartlann nó taispeántas digiteach nó cartlann nó taispeántas eile ar thug tú cuairt air le linn duit a bheith ag staidéar na staire, go pearsanta nó ar líne, agus scríobh léirmheas ar do thaithí. (D'fhéadfaí a áireamh le do léirmheas na cúiseanna ar thug tú cuairt air, an méid a chonaic tú, an chaoi ar chabhraigh sé leat foghlaim, an rud ba mhó is cuimhin leat faoi, an rud is mó a chuaigh i bhfeidhm ort, an chaoi a gceapann tú a d'fhéadfaí é a fheabhsú, etc.)

**Sampla 15**

Taispeántar san íomhá thíos clúdach greannáin Mheiriceánaigh a foilsíodh in 1960. Ba é seo an t-am i rith an Chogaidh Fhuair nuair a bhí faitíos ar go leor Meiriceánach go mbagródh scaipeadh an chumannachais ar fud an domhan a saoirse agus a modh maireachtála.





*Image: http://poetryofthecoldwar.weebly.com/the-red-iceberg-author-unknown.html*

1. Luaigh an tír a cheapann tú gur ionann é agus:

(i) An cnoc oighir: ____________________

(ii) An bád: ____________________

Cé na cúiseanna le do fhreagraí le (i) agus (ii) thuas?

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

2. Ba iad na tíortha éagsúla a ainmníodh ar na clocha uaighe na tíortha cumannacha in 1960. Cén fáth ar úsáid an cartúnaí íomhánna de chlocha uaighe chun iad a léiriú dar leat?

3. Cén teachtaireacht atá an cartúnaí ag iarraidh a chur in iúl faoin gCogadh Fuar dar leat?

4. Scríobh faoi imeacht nó duine a ndearna tú staidéar air a bhí tábhachtach i stair an Chogaidh Fhuair'.

5. (a) Ainmnigh tír chumannach a ndearna tú staidéar uirthi:

(b) Samhlaigh gur gnáthdhuine tú a chónaíonn sa tír sin. Scríobh iontráil dialainne faoin gcaoi a bhfuil an saol, bunaithe ar an bhfianaise a bhfuil staidéar déanta agat air m.sh. póstaeir, grianghraif, litreacha, etc.

**Sampla 16**

Scrúdaigh **Foinse A** agus **Foinse B** agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.

**Foinse A:** Tógadh an íomhá thíos ó mháirseáil um chearta sibhialta i dTuaisceart Éireann sna 1960idí. Tá na máirseálaithe ag agóidíocht in aghaidh neamhionannais agus éagóra i dTuaisceart Éireann.




*https://www.iwm.org.uk/history/20-photos-of-the-troubles*

**Foinse B:** Sliocht is ea é seo atá curtha in eagar ó óráid teilifíse a thug Terence O'Neill, Príomh-Aire Thuaisceart Éireann ar an 9 Nollaig 1968, a thug athruithe isteach mar fhreagra ar theannas agus foréigean níos mó timpeall ar mháirseálacha agus agóidí um chearta sibhialta.

*Ba mhaith liom focal a rá go díreach leo siúd a bhfuil léirsiú á dhéanamh acu ar son ceart sibhialta. Tá na hathruithe atá fógartha againn fíor agus forleathan agus tá an rialtas tiomanta dóibh. B'fhéidir nach bhfuil sibh iomlán sásta: ach daonlathas atá anseo agus iarraim oraibh anois iarraidh ar na daoine teacht isteach ó na sráideanna agus ceadú d'atmaisféar athraithe forbairt. Is Ultaigh sibh féin. Éisteadh le bhur nguth go soiléir. Ach tá focal agam freisin dóibh siúd a fheiceann an t-athrú mar bhagairt dár seasamh sa Ríocht Aontaithe. Deirim leo sin, cúis níos láidre a bheidh san aontachas armtha le ceartas ná an t-aontachtas nach bhfuil armtha ach le láidreacht. Ar aon chuma, céard iad na hathruithe seo a chinneamar is gá tarlú? Is ionann iad ar fad agus seo: i ngach gné dár saol, caithfear ceartas a tabhairt do gach cuid den phobal.*

*Curtha in eagar ó 'Great Irish Speeches' le Richard Aldous. Quercus 2007, lgh 126-128*



*Fíor 1: Terence O'Neill*
*https://www.rte.ie/archives/profiles/oneill-terence/*

1. (a) **I bhFoinse A**, sainaithin ceart sibhialta amháin atá á léiriú ag agóideoirí ina bpóstaeir.

(b) Cén fáth a raibh an ceart sibhialta sin á léiriú ag na hagóideoirí?

2. Taispeántar fear ceamara san íomhá thuas ag taifeadadh na máirseála. Cén tionchar a bhí ag an teilifís ar ghluai seacht na gceart sibhialta i dTuaisceart Éireann?

3. (a) Cén fhianaise atá i **bhFoinse B** gur éirigh leis na máirseálacha um chearta sibhialta cuid dá n-aidhmeanna a bhaint amach??

(b) Cén fhianaise atá i **bhFoinse B** gur sochaí dheighilte a bhí i dTuaisceart Éireann sna 1960idí?

4. Bunaithe ar an staidéar a rinne tú ar bhunús na dTrioblóidí i dTuaisceart Éireann, cén fáth a raibh imní ar roinnt aontachtaithe maidir leis an ngluaiseacht um chearta sibhialta sna 1960idí?

5. Breathnaíonn staraithe ar na 1960idí mar dheich mbliana ina raibh go leor athruithe in Éirinn.

(a) Seachas tús na dTrioblóidí i dTuaisceart Éireann, sainaithin athrú suntasach a tharla in Éirinn i rith an ama sin.

(b) Déan cur síos ar an athrú sin agus an tionchar a bhí aige ar shochaí na hÉireann sna 1960idí agus/nó ina dhiaidh

(c) Tabhair cuntas ar athrú a bhí suntasach go stairiúil atá fiosraithe agat sna 1960idí mair leis an Eoraip agus/nó an domhan mór.

**Sampla 17**

Ar an 18 Bealtaine 2011, i rith a cuairte go hÉirinn, chuaigh an Bhanríon Éilís II as Sasana go Páirc an Chrócaigh, lárionad an Chumainn Lúthchleas Gael (CLG). Bhí sé seo suntasach mar i rith Chogadh na Saoirse, Dé Domhnaigh, 21 Samhain 1920, scaoil fórsaí na Breataine urchair leis an slua a bhí ag freastal ar chluiche peile i bPáirc an Chrócaigh, agus mharaigh siad 12 dhuine. Níos túisce ar an lá céanna, mharaigh an IRA 14 dhuine ar chreid siad gur gníomhairí faisnéise don Bhreatain a bhí iontu. Tugadh 'Domhnach na Fola' ar an lá sin agus bhí sé ar cheannlínte ar fud an domhain.



*Taispeántar uachtarán CLG Christy Cooney ag bronnadh camáin ar an mBanríon Éilís agus ar a fear céile, an Prionsa Pilib, i rith a gcuairte ar Pháirc an Chrócaigh.*

Scrúdaigh **Foinse A** agus **Foinse B** agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.

**Foinse A:** Sliocht curtha in eagar é seo as agallamh a thug Christy Cooney (uachtarán CLG 2009-2012) le Tionscadal Stair Bhéil CLG i mí Iúil 2013. Tá sé ag labhairt faoi chuairt na banríona ar Pháirc an Chrócaigh. Bailíodh na céadta uaireanta an chloig d'agallaimh taifeadta sa tionscadal stair bhéil seo le daoine atá bainteach le CLG chun tuiscint ar stair CLG a chur chun cinn.

> *Mhothaíomar go stairiúil gurb é an rud ceart le déanamh é, an rud ceart i stair ár dtíre. Bhí a fhios againn go mbeadh sé dúshlánach ach athraíonn daoine agus fásann daoine. Ag féachaint siar anois, ba rud an-mhór a bhí ann. Ba é an jab ba mhó a bhí le déanamh agam m'óráid a réiteach, agus stair a réiteach faoin gcumann agus smaoineamh conas é sin a chur i láthair don Bhanríon agus muid ag siúl timpeall. Ar cheann de na rudaí dúshlánacha san óráid bhí Domhnach na Fola, cén chaoi a dtagrófá dó sin mar gheall ar íogaireachtaí. Bhí mé in ann dul timpeall ar an gcás trí dhaoine a fuair bás i bPáirc an Chrócaigh a lua gan Domhnach na Fola féin a lua cé go mbeadh a fhios ag daoine céard a bhí i gceist agam. Bhí sé ríthábhachtach mar nach bhféadfá dearmad a dhéanamh ar an méid a tharla. B'éigean dom é a lua ar bhealach a bhí soiléir gan dul thar fóir. Agus ba léir gur thuig daoine an méid a bhí á rá. Agus freisin chun fáilte mhór a chur roimpi agus an méid a bhí á dhéanamh aici a aithint mar ní fhéadfadh sé a bheith éasca uirthi.*

*Extract taken from https://www.gaa.ie/the-gaa/oral-history/christy-cooney/*

**Foinse B:** Leathanach tosaigh *The New York Times*, Dé Luain, 22 Samhain 1920



"All the News That's Fit to Print."

The New York Times.

THE WEATHER
Unsettled, with rain, today; Tuesday rain, clearing later; fresh southeast wind.

VOL. LXX....No. 22,948. NEW YORK, MONDAY, NOVEMBER 22, 1920. TWO CENTS

OFFICERS' LODGINGS INVADED IN DUBLIN, FOURTEEN KILLED; POLICE FIRE ON CROWD AT ATHLETIC PARK, KILLING TEN; GOVERNMENT TO SEND TROOP REINFORCEMENTS TO IRELAND

LITHUANIANS ASK LEAGUE TO COMPEL PEACE BY POLAND

Notify Assembly That They Are Being Attacked by Fifteen Divisions.

WANT ARTICLE XVI. APPLIED

First Step Would Be Economic Blockade, With Possible Use of Troops.

W. D. Vanderlip Seeks Soviet Recognition; Assails Wilson's Administration as "Idiotic"

PLANS LAID TO BLOCK LOCKWOOD INQUIRY

SHIPPING GRAFTERS TO BE HUNTED DOWN

CALL FOR STERN MEASURES

London Press, Indignant at Outrages, Demands Vindication of Law.

GOVERNMENT IS ATTACKED

Outbreak the "Culmination of Murderous Wickedness" on Both Sides, Says Daily Mail.

MAY BE A FINAL DEFIANCE

Disguised Men Kill Two Near Limerick

DUBLIN, Nov. 21.—Michael Blake and James O'Neill were shot and killed near Limerick last night by disguised men, who held up the motor in which the two were riding to their homes from Limerick Junction.

Patrick Blake, a brother of Michael, and O'Neill were acquitted by a court-martial in July, and it is believed the attack was the outcome of this trial.

When the automobile was stopped, the attacking party demanded if a man named Blake was present. Michael answered in the affirmative and was shot dead. O'Neill attempted to escape, but his body was found later riddled with bullets.

FIND PRIEST'S BODY IN GALWAY BOG

ALL SLAIN AT FIXED HOUR

Gangs Shoot Down Court Martial Officials in Their Homes.

TWO KLLED IN A HOTEL

Another Shot Down Before His Wife—Four Prisoners Taken by the Police.

PANIC AT HOCKEY GAME

Police, Seeking Culprits, Fire

Large Reinforcements of Trops for Ireland; Shooting Begins Again at Night in Dublin

LONDON, Nov. 22.—The Daily Mail says that arrangements are under way to send large reinforcements of troops to Ireland and that the opinion is held in official quarters that the danger of assassination is spreading to England.

Fires broke out in Dublin this evening in various places, says the Dublin correspondent of The Daily Mail. Twelve nurses were among those arrested today.

DUBLIN, Nov. 21 (Associated Press).—Shooting began again in the streets just before midnight, and a number of people are reported killed. There is much military activity.

The casualties in Croke Park are semi-officially given as 10 killed and 65 injured, 11 seriously.

1. **I bhFoinse A**, cén fáth a gcreideann Christy Cooney gurb é an rud ceart le déanamh fáilte a chur roimh an mBanríon Éilís chuig Páirc an Chrócaigh?

2. (a) **I bhFoinse A**, cén fáth a raibh sé 'dúshlánach' (deacair) do Christy Cooney 'Domhnach na Fola' a lua ina óráid?

   (b) **I bhFoinse A**, cén fáth a ndeir Christy Cooney nach bhféadfadh sé a bheith éasca don Bhanríon Éilís cuairt a thabhairt ar Pháirc an Chrócaigh?

3. (a) Céard a deirtear sa cheannlíne nuachtáin i **bhFoinse B** a tharlóidh tar éis imeacht Dhomhnach na Fola?

(b) How useful is **Foinse B** for historians in understanding the significance of Bloody Sunday in the War of Independence?

4. Scríobh faoi thábhacht stairiúil CLG, nó aon eagraíocht spóirt, chultúrtha nó shóisialta a ndearna tú staidéar uirthi, i saol na hÉireann.

5. (a) Ainmnigh duine ó stair na hÉireann nó ó stair na hEorpa nó an domhain mhóir a mbeadh fonn ort agallamh a chur orthu mar chuid de thionscadal stair bhéil:

(b) Cén fáth a mbeadh an duine sin oiriúnach do thionscadal stair bhéil dar leat?

(c) Scríobh síos dhá cheist a chuirfeá, agus na cúiseanna lena gcur.

**Sampla 18**

1. (a) Cuir na forbairtí seo a leanas i stair na hÉireann san ord cróineolaíoch ceart.
(Ciallaíonn sé seo an t-ord inar tharla siad in am.)

***A: Plandáil Uladh nó plandáil eile a ndearna tú staidéar uirthi***

***B: Bunú mainistreacha luath-Chríostaí ar nós an ceann i nGleann Dá Loch***

***C: Éirí Amach 1916***

***D: An Gorta Mór***

***E: Tús na 'dTrioblóidí' i dTuaisceart Éireann***

| Eagraigh na litreacha A, B, C, D, E agus an dáta is túisce i mBosca 1 agus an ceann is deireanaí i mBosca 5 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| | | | | |

(b) Tabhair míniú gairid ar an ord a roghnaigh tú.

2. (a) Cé acu de na tréimhsí ama seo a leanas sa stair ab fhaide?

***A: an tréimhse den tsibhialtacht ársa, ar nós na Róimhe***

***B: an tréimhse choilíneachta ar Mheiriceá leis an Spáinn agus an Phortaingéil***

***C: tréimhse an Chéad Chogaidh Dhomhanda***

Freagra: ______________________________

(b) Tabhair míniú gairid ar an ord a roghnaigh tú.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

3. Roghnaigh gné den saol agus den tsochaí ar a ndearna tú staidéar inar fhéach tú ar phatrúin athraithe thar thréimhsí ama éagsúla, cosúil le ceann díobh seo a leanas:

Bia agus Deoch; Obair agus caitheamh aimsire; Faisean agus dreach; Sláinte agus leigheas; Coir agus pinós.
**Ní gá gur ceann díobh sin thuas a bheidh sa ghné den saol agus den tsochaí a roghnaíonn tú.**

(a) Ainmnigh an ghné den saol agus den tsochaí ar a ndearna tú staidéar

(b) Tabhair cuntas ar na hathruithe ar fhoghlaim tú fúthu sa ghné den saol agus den tsochaí a roghnaigh tú.

4. Roghnaigh imeacht, ceist, áit nó duine ó do cheantar áitiúil ar a ndearna tú staidéar a bhí nasctha le stair níos mó na hÉireann nó an domhain mhóir. (Mar shampla, b'fhéidir go roghnófá duine a raibh tionchar náisiúnta nó idirnáisiúnta acu; nó imeacht a bhí nasctha le forbairtí náisiúnta nó idirnáisiúnta; nó áit, cosúil le suíomh nó foirgneamh stairiúil).

(a) Déan cur síos ar an tionchar a bhí ag do rogha ar stair do cheantair áitiúil.

(b) Cén chaoi a raibh do rogha nasctha le stair níos mó na hÉireann agus/nó stair na hEorpa agus an Domhain Mhóir?